Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2024
(OR. en)

9399/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0103(NLE)**

ECOFIN 522
UEM 131
FIN 397
CADREFIN 86

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021**
**maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 21(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Iodáil an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinnidh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021'). Rinneadh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú an 19 Meán Fómhair 2023[2] agus an 8 Nollaig 2023[3].

(2) An 4 Márta 2024, rinne an Iodáil iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiúin togra a dhéanamh chun Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ar na forais nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, thíolaic an Iodáil plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta arna dtíolacadh ag an Iodáil i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 24 bheart.

---

[2] Féach doiciméad ST 12259/23 ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach doiciméid ST 16051/23 agus ST 16051/23 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Iodáil go ndearnadh 23 bheart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin leis an méid seo a leanas: Infheistíocht 1.8 (Nósanna imeachta earcaíochta maidir le cúirteanna riaracháin) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1, lena n-áirítear spriocanna M1C1-139 agus M1C1-40; Athchóiriú 1.8 (Digitiú an Cheartais) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1, lena n-áirítear garsprioc M1C1-38bis; Athchóiriú 1.9 (Digitiú an riaracháin phoiblí) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1, lena n-áirítear garsprioc M1C1-59ter; Athchóiriú 1.10 (Athchóiriú an chreata reachtaigh um sholáthar poiblí) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1, lena n-áirítear sprioc M1C1-86; Athchóiriú 1.15 (Athchóiriú ar na rialacha maidir le cuntasaíocht phoiblí) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1, lena n-áirítear garspriocanna M1C1-117 agus M1C1-118; Athchóiriú 1.12 (Athchóiriú ar an riarachán cánach) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1, lena n-áirítear spriocanna M1C1-113 agus M1C1-114; Infheistíocht 1.1 (Tithe Pobail Sláinte chun cúnamh sláinte chríochach a fheabhsú) faoi chomhchuid 1 de mhisean 6, lena n-áirítear sprioc M6C1-3; Infheistíocht 1.1 (An bonneagar digiteach) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1, lena n-áirítear spriocanna M1C1-17 agus M1C1-26; Athchóiriú 1.9.1 (Athchóiriú chun dlús a chur le cur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1; Athchóiriú 1.11 (Laghdú a dhéanamh ar íocaíochtaí déanacha ag riaracháin phoiblí agus údaráis sláinte) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1, lena n-áirítear garspriocanna M1C1-72ter agus M1C1-72quinquies; Athchóiriú 3 (Dreasachtaí gnólachtaí a chuíchóiriú agus a shimpliú) faoi chomhchuid 2 de mhisean 1, lena n-áirítear garsprioc M1C1-14ter; Athchóiriú 1.2 (Clár Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola) faoi chomhchuid 1 de mhisean 2, lena n-áirítear spriocanna M2C1-15, M2C1-15bis, M2C1-16, agus M2C1-16bis; Infheistíocht 1.1 (Monarchana nua bainistithe dramhaíola a chur chun feidhme agus monarchana atá ann cheana a nuachóiriú) faoi chomhchuid 1 de mhisean 2, lena n-áirítear spriocanna M2C1-15ter agus M2C1-16ter;

Infheistíocht 1.4 (Bithmheatán a fhorbairt, de réir na gcritéar chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn) faoi chomhchuid 2 de mhisean 2, lena n-airítear sprioc M2C2-4; Infheistíocht 4.4.3 (Flít athnuachana don Cheannas náisiúnta briogáide dóiteáin) faoi chomhchuid 2 de mhisean 2, lena n-áirítear sprioc M2C2-36; Infheistíocht 2.1 (Bearta chun riosca tuilte agus an riosca hidreolaíoch a laghdú) faoi chomhchuid 4 de mhisean 2, lena n-áirítear garspriocanna M2C4-11 agus M2C4-11ter agus sprioc M2C4-13; Infheistíocht 4.2 (Mearchórais olliompair a fhorbairt (meitreo, trambhealach, mearbhealach busanna)) faoi chomhchuid 2 de mhisean 2; Infheistíocht 4.1 (Infheistíochtaí i bpríomhbhonneagair uisce ar mhaithe le slándáil an tsoláthair uisce) faoi chomhchuid 4 de mhisean 2, lena n-áirítear garspriocanna M2C4-28, M2C428bis agus sprioc M2C4-29; Infheistíocht 4.2. (Caillteanais i ngréasáin dáileacháin uisce a laghdú, lena n-áirítear gréasáin a dhigitiú agus faireachán a dhéanamh orthu) faoi chomhchuid 4 de mhisean 2, lena n-áirítear garsprioc M2C4-30; Infheistíocht 4.3 (Infheistíochtaí in athléimneacht an agraichórais uisciúcháin chun acmhainní uisce a bhainistiú ar bhealach níos fearr) faoi chomhchuid 4 de mhisean 2, lena n-áirítear garsprioc M2C4-33; Infheistíocht 11 (Méadú: An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíoch) faoi mhisean 7, lena n-áirítear garsprioc M7-31; Infheistíocht 12 (Scéim deontais chun ceannaireacht idirnáisiúnta, thionsclaíoch agus T&F a fhorbairt maidir le busanna leictreacha) faoi mhisean 7, lena n-áirítear garsprioc M7-32, sprioc M7-33 agus garsprioc M7-34 agus Infheistíocht 15 (Transizione 5.0) faoi mhisean 7. Ar an mbonn sin, d'iarr an Iodáil go ndéanfaí na bearta thuasluaite a leasú, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Maidir le hInfheistíocht 2.2 (Comhpháirtíochtaí maidir le taighde agus nuálaíocht – Fís Eorpach) faoi chomhchuid 2 de mhisean 4, lena n-áirítear sprioc M4C2-2, mhínigh an Iodáil nach féidir an beart sin a bhaint amach a thuilleadh de bharr easpa éilimh mar thoradh ar fhorbairtí sa mhargadh. Ar an mbonn sin, d'iarr an Iodáil go mbainfí an beart sin go hiomlán. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) D'iarr an Iodáil freisin go n-úsáidfí na hacmhainní a saoradh trí Infheistíocht 2.2 a bhaint (Comhpháirtíochtaí maidir le taighde agus nuálaíocht – Fís Eorpach) faoi chomhchuid 2 de mhisean 4 faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, chun beart nua a áireamh agus chun leibhéal an chur chun feidhme is gá a mhéadú maidir le beart atá ann cheana. Baineann sé sin leis an méid seo a leanas, faoi seach: sprioc M6C2-2bis faoi Infheistíocht 2.2 (Comhaontuithe nuálaíochta) faoi chomhchuid 2 de mhisean 4 agus garsprioc M1C1-38bis faoi Athchóiriú 1.8 (Digitiú an Cheartais) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1. Ar an mbonn sin, d'iarr an Iodáil sprioc M4C2-2bis agus Infheistíocht 2.2 (Comhaontuithe nuálaíochta) a chur isteach faoi chomhchuid 2 de mhisean 4. Anuas air sin, d'iarr an Iodáil garsprioc M1C1-38bis a chur isteach chun an leibhéal chur chun feidhme riachtanach maidir le hAthchóiriú 1.8 (Digitiú an cheartais) a mhéadú faoi chomhchuid 1 de mhisean 1. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an Iodáil, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

(8) Sainaithníodh 55 earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, lena ndéantar difear do 52 gharsprioc agus sprioc agus do 40 bheart faoi 14 chomhchuid. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú chun ceartú a dhéanamh ar na hearráidí cléireachais sin nach léiríonn ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 30 Aibreán 2021 agus a leasaíodh an 19 Meán Fómhair 2023 agus an 8 Nollaig 2023, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Iodáil. Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an méid seo a leanas: M1C1-37bis agus M1C1-45 faoi Athchóiriú 1.4 (Athchóiriú ar cheartas sibhialta) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1; M1C1-46 faoi Athchóiriú 1.5 (Athchóiriú ar cheartas coiriúil) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1; M1C1-120 faoi Athchóiriú 1.14 (Athchóiriú ar an gcreat fioscach fonáisiúnta) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1; M1C1-14 agus M1C1-16 faoi Infheistíocht 1.6.5 (Digitiú na Comhairle Stáit) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1; M1C1-140 faoi Infheistíocht 1.4.1 (Taithí na saoránach - Feabhas ar cháilíocht agus ar inúsáidteacht seirbhísí poiblí digiteacha) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1; M1C2-32 faoi Infheistíocht 7 (Tacaíocht don chóras táirgthe don aistriú éiceolaíoch, teicneolaíochtaí glan-nialasacha, agus iomaíochas agus athléimneacht slabhraí soláthair straitéiseacha) faoi chomhchuid 2 de mhisean 1; M2C1-22, M2C1-23, M2C1-24 agus M2C1-25 faoi Infheistíocht 3.4 (Fondo Rotativo Contratti di Filiera (FCF) chun tacú le conarthaí slabhra soláthair don earnáil agraibhia, don earnáil iascaireachta agus dobharshaothraithe, d’earnáil na foraoiseachta, d’earnáil na bláthadóireachta agus d’earnáil na bplandlann) faoi chomhchuid 1 de misean 2;

M2C2-22 agus M2C2-23 faoi Infheistíocht 4.1 (Infheistíocht sa tsoghluaisteacht bhog (Plean Náisiúnta Raon Rothar)) faoi chomhchuid 2 de mhisean 2; M2C2-35bis faoi Infheistíocht 4.4.2 (An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíoch) faoi chomhchuid 2 de mhisean 2; M2C2-40 faoi Infheistíocht 5.1.1 (Ceannaireacht idirnáisiúnta, tionsclaíoch agus T&F a fhorbairt i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus i gceallraí) faoi chomhchuid 2 de mhisean 2; M2C4-20 faoi Infheistíocht. 3.1 (Foraoisí uirbeacha agus peirea-uirbeacha a chosaint agus a fheabhsú) faoi chomhchuid 4 de mhisean 2; M2C4-36 agus M2C4-37 faoi Infheistíocht 4.4 (Infheistíochtaí i séarachas agus íonúchán) faoi chomhchuid 4 de mhisean 2; M3C1-6 faoi Infheistíocht 1.1 (Naisc iarnróid ardluais ó Dheas le haghaidh paisinéirí agus lasta) faoi chomhchuid 1 de mhisean 3; M3C1-9 faoi Infheistíocht 1.2 (Línte ardluais lena nasctar Tuaisceart na hIodáile leis an gcuid eile den Eoraip) faoi chomhchuid 1 de mhisean 3; M3C1-14 faoi Infheistíocht 1.4 (An Córas Eorpach um Bainistiú Iompair ar Iarnród (ERTMS) a thabhairt isteach) faoi chomhchuid 1 de mhisean 3; M3C1-17 agus M3C1-17bis faoi Infheistíocht 1.7 (Uasghrádú, leictriú agus athléimneacht na n-iarnród i nDeisceart na hIodáile) faoi chomhchuid 1 de mhisean 3; M3C2-6 faoi Infheistíocht 2.2 (Bainistíocht aerthráchta a dhigitiú) faoi chomhchuid 2 de mhisean 3; M3C2-12 faoi Infheistíocht 2.3 (Nascadh) faoi chomhchuid 2 de mhisean 3; M3C2-9 faoi Infheistíocht 1.1 (Calafoirt ghlasa: fuinneamh in-athnuaite agus idirghabhálacha éifeachtúlachta fuinnimh ag calafoirt) faoi chomhchuid 2 de mhisean 3; M4C1-15ter faoi Athchóiriú 2.1 (Earcaíocht múinteoirí) faoi chomhchuid 1 de mhisean 4, M4C1-23 agus M4C1-23bis faoi Infheistíocht 3.4 (Scileanna teagaisc agus ardscileanna ollscoile) faoi chomhchuid 1 de mhisean 4;

M4C2-14 faoi Infheistíocht 2.3 (Lárionaid aistrithe teicneolaíochta a neartú agus síneadh earnálach/críche a chur leo trí bhíthin deighleoga tionscail) faoi chomhchuid 2 de mhisean 4; M4C2-8 faoi Infheistíocht 1.3 (Comhpháirtíochtaí a chumhdaíonn ollscoileanna, ionaid taighde, cuideachtaí agus cistiú tionscadal bunúsach taighde) faoi chomhchuid 2 de mhisean 4; M4C2-21 agus M4C2-21bis faoi Infheistíocht 3.5: Gnólachtaí nuathionscanta a mhaoiniú; faoi chomhchuid 2 de mhisean 4 M5C2-10 faoi Infheistíocht 3: Tús Áite don Tithíocht agus Stáisiúin Phoist faoi chomhchuid 2 de mhisean 5; M5C3-8 agus M5C3-9 faoi Infheistíocht 3 (Idirghabhálacha sochoideachasúla struchtúrtha chun an bhochtaineacht oideachais a chomhrac i nDeisceart na hIodáile agus tacaíocht a thabhairt don Tríú hEarnáil) faoi chomhcuid 3 de mhisean 5; M5C3-13 faoi Infheistíocht 4 (Infheistíochtaí bonneagair le haghaidh na gCriosanna Eacnamaíocha Speisialta) faoi chomhchuid 3 de mhisean 5; M6C1-8 faoi Infheistíocht 1.2 (An Baile mar an chéad áit chúraim agus teilileighis) faoi chomhchuid 1 de mhisean 6; M6C2-6 agus M6C2-8 faoi Infheistíocht 1.1 (Nuashonrú digiteach threalamh teicneolaíoch na n-ospidéal) faoi chomhchuid 2 de mhisean 6; M6C2-10bis faoi Infheistíocht 1.2 (I dtreo ospidéal sábháilte agus inbhuanaithe) faoi chomhchuid 2 de mhisean 6; M6C2-13 faoi Infheistíocht 1.3 (An bonneagair teicneolaíochta agus na huirlisí chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil, a anailísiú agus a ionsamhlú) faoi chomhchuid 2 de mhisean 6 a neartú; M7-24 faoi Infheistíocht 7 (Eangach tarchurtha náisiúnta chliste) faoi mhisean 7; M7-25, M7-26, M7-27 agus M7-28 faoi Infheistíocht 10: Soláthar inbhuanaithe, ciorclach agus slán amhábhar criticiúil faoi mhisean 7; M7-29 faoi Infheistíocht 9 (Beart um méadú: Cúnamh teicniúil a sholáthar agus fothú acmhainneachta a neartú le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil) faoi mhisean 7; M7-45 faoi Infheistíocht 16 (Tacaíocht do FBManna le haghaidh féintáirgeadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite) faoi mhisean 7; agus M7-47 agus M7-48 faoi Infheistíocht 17 (Ionstraim airgeadais le haghaidh athchóirithe fuinnimh i dtithíocht phoiblí agus shóisialta agus i dteaghlaigh ar ioncam íseal agus i dteaghlaigh leochaileacha) faoi mhisean 7.

(9) Thairis sin, baineann na hearráidí cléireachais sin leis an tuairisc ar na bearta seo a leanas: Infheistíocht 1.7 (Scileanna bunúsacha digiteacha) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1; Athchóiriú 1.14 (Athchóiriú ar an gcreat fioscach fonáisiúnta) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1; Infheistíocht 7 (Tacaíocht don chóras táirgthe don aistriú éiceolaíoch, teicneolaíochtaí glan-nialasacha, agus iomaíochas agus athléimneacht slabhraí soláthair straitéiseacha) faoi chomhchuid 2 de mhisean 1; Infheistíocht 3.4 (Fondo Rotativo Contratti di Filiera (FCF) chun tacú le conarthaí slabhra soláthair don earnáil agraibhia, don earnáil iascaireachta agus dobharshaothraithe, d'earnáil na foraoiseachta, d'earnáil na bláthadóireachta agus d'earnáil na bplandlann) faoi chomhchuid 1 de misean 2; Infheistíocht 4.1 (Infheistíocht sa tsoghluaisteacht bhog (Plean Náisiúnta Raon Rothar)) faoi chomhchuid 2 de mhisean 2; Infheistíocht 5.1 (Ceannaireacht idirnáisiúnta, tionsclaíoch agus T&F a fhorbairt i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus i gceallraí) faoi chomhchuid 2 de mhisean 2; Infheistíocht 1.1 (Naisc iarnróid ardluais ó Dheas le haghaidh paisinéirí agus lasta) faoi chomhchuid 1 de mhisean 3; Infheistíocht 1.7 (Uasghrádú, leictriú agus athléimneacht na n-iarnród i nDeisceart na hIodáile) faoi chomhchuid 1 de mhisean 3; Infheistíocht 2.3 (Lárionaid aistrithe teicneolaíochta a neartú agus síneadh earnálach/críche a chur leo trí bhíthin deighleoga tionscail) faoi chomhchuid 2 de mhisean 4; Infheistíocht 3 (Idirghabhálacha sochoideachasúla struchtúrtha chun an bhochtaineacht oideachais a chomhrac i nDeisceart na hIodáile agus tacaíocht a thabhairt don Tríú hEarnáil) faoi chomhcuid 3 de mhisean 5; Infheistíocht 4 (Infheistíochtaí bonneagair le haghaidh na gCriosanna Eacnamaíocha Speisialta) faoi chomhchuid 3 de mhisean 5; Infheistíocht 1.1 (Nuashonrú digiteach threalamh teicneolaíoch na n-ospidéal) faoi chomhchuid 2 de mhisean 6; Athchóiriú 5 (Plean le haghaidh scileanna nua – Aistrithe) faoi mhisean 7; Infheistíocht 5 (SA.CO.I.3) faoi mhisean 7; agus Infheistíocht 17 (Ionstraim airgeadais le haghaidh athchóirithe fuinnimh i dtithíocht phoiblí agus shóisialta agus i dteaghlaigh ar ioncam íseal agus i dteaghlaigh leochaileacha) faoi mhisean 7. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

Measúnú ón gCoimisiún

(10) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chuireann go mór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 39,4 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus 75,7 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(12) Maidir leis na modhnuithe ar an rannchuidiú leis an aistriú glas, baineann sé leis an mbeart Infheistíocht 2.2 (Comhpháirtíochtaí maidir le taighde agus nuálaíocht – Fís Eorpach) a bhaint faoi chomhchuid 2 de mhisean 4 agus earráid chléireachais a bhaineann leis an méid a thacaíonn le cuspóirí aeráide Infheistíocht 17 (Ionstraim airgeadais le haghaidh athchóirithe fuinnimh i dtithíocht phoiblí agus shóisialta) faoi mhisean 7. Is éard atá i gceist leis sin méadú ar an rannchuidiú foriomlán le sprioc aeráide an phlean agus tugtar aghaidh leis ar deireadh a bheith le hInfheistíocht 2.2 (Comhpháirtíochtaí maidir le taighde agus nuálaíocht – Fís Eorpach) faoi chomhchuid 2 de mhisean 4. Ní athraíonn raon feidhme teoranta na modhnuithe sin an measúnú foriomlán ar an gcritéar sin.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (Rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Is éard atá sna bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha méid arb ionann é agus 25.6 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(14) Maidir leis na modhnuithe ar an rannchuidiú leis an aistriú glas nó ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as, baineann an modhnú sin leis an mbeart Infheistíocht 2.2 (Comhpháirtíochtaí maidir le taighde agus nuálaíocht – Fís Eorpach) a bhaint faoi chomhchuid 2 de mhisean 4 agus le leibhéal an chur chun feidhme maidir le hAthchóiriú 1.8 (Digitiú an cheartais) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1. Leis an méadú ar an leibhéal cur chun feidhme maidir le hAthchóiriú 1.8 (Digitiú an cheartais) faoi chomhchuid 1 de mhisean 1, tugtar aghaidh ar dheireadh a chur le beart Infheistíocht 2.2 (Comhpháirtíochtaí maidir le taighde agus nuálaíocht – Fís Eorpach) faoi chomhchuid 2 de mhisean 4. Ní athraíonn raon feidhme teoranta na modhnuithe sin an measúnú foriomlán ar an gcritéar sin.

Costáil

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha (Rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé, tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost- éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(16) I gcás beart nua amháin agus dhá bheart modhnaithe, tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach curtha ar fáil ag an Iodáil nach bhfuil méid na gcostas measta iomlán cuimsithe le maoiniú reatha nó beartaithe an Aontais. Maidir leis na modhnuithe teoranta a mhol an Iodáil a mbaineann measúnú costais leo, ní athraíonn siad an measúnú a rinneadh roimhe seo ar mhéid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe.

Aon chritéir mheasúnaithe eile

(17) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Iodáil chun cinn difear don mheasúnú dearfach maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

Measúnú dearfach

(18) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha a leagan amach, mar aon leis an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

Ranníocaíocht airgeadais

(19) Is é EUR 194 415 951 466 costais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe don Iodáil. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Iodáil, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna ríomh i gcomhréir le hAirteagail 20(4) agus 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe don Iodáil a bheith comhionann le EUR 71 779 623 788.

(20) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Iodáil dar luach EUR 122 601 810 400.

(21) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle sin a ionadú ina hiomláine,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar an measúnú ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta leasaithe na hIodáile a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha agus na garspriocanna agus na spriocanna breise a bhaineann le híoc na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.

*Airteagal 2*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil.

*Airteagal 3*

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*